Tuirseach meise d’éis Fhiacha

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 37]

Raghnall Mhac Eochaidh .cc.

1 Tuirsioch misi d’éis Fhiacha
ar mbreith iúil gach éiniatha;
ní fhuil acht taom uabhair ann,
cá taobh nár fhuaraigh umam?

2 Gan amharc Fiacha is sé sin,
gan cheól gan aoibhnios d’fhaigsin;
rug mo sheól ar seachrán sinn,
acht ceól cleathrámh ní chluinim.

3 Treas nach aithghearr ré hól fleadh
san teaghlach as ard áireamh,
is treas d’ealadhain gach fhir
nách feas geamhadhaigh geimhridh.

4 Críoch Raghnaill, róimh an oinigh,
tír as fhearr lé a hionnsoighidh,
tír ’nar chomhnuidhtheach cliar bhinn,
tír ghormfhuithneach fhial fhairsing.

5 Ní chleachtann Róis coigill cruidh,
a fhir an eóluis d’iarruidh;
go baincheann bhan an tighe
gabh aithghearr ar m’impidhe.

6 Dom brégnughadh dá mbeith neach,
triall go Róis san ród díreach,
dóigh oinigh as fhearr ní fhuil,
’na ceann ní doiligh déanuimh.

7 Bantrocht Baile na Corra,
gearr lá is oidhche eatorra;
san fhionnbhrugh fhial nach coimseach,
cliar dob iongnadh atuirseach.